V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10499 – STATE STREET / BBH (INVESTOR SERVICES BUSINESS))

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 54/04)

1. An 24 Eanáir 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— State Street Corporation ("State Street", na Stáit Aontaithe)

— Gnólacht seirbhísí infheisteoirí Brown Brothers Harriman & Co. ("BBH", na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh State Street rialú ar ghnólacht seirbhísí infheisteoirí BBH de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní agus scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí seirbhísí airgeadais éagsúla, lena n-áirítear seirbhísí urrús intíre agus urrús domhanda, é State Street,

— Tá BBH gníomhach i seirbhísí infheisteoirí, i mbaincéireacht phríobháideach agus i mbainistíocht infheistíochtaí. Soláthraíonn an t-aonad gnó um sheirbhísí infheisteoirí seirbhísiú infheistíochtaí, cumhdach agus slánchoinneáil, gníomhaireacht, iasachtú agus iasachtaíocht urrús, oibríochtaí infheistíochta agus réitigh theicneolaíochta dá chliaint, ar institiúidí airgeadais agus bainisteoirí sócmhainní iad go príomha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10499 – STATE STREET / BBH (INVESTOR SERVICES BUSINESS)

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË